# Foirm 1 (IREF)

## Tuairisceán Cánach agus Féinmheasúnú don bhliain 2020

Tá an fhoirm Tuairisceáin seo le húsáid ag Gnóthas Comhinfheistíochta i ndáil le muirear cánach faoi Alt 238, Alt 739LAA agus Alt 739LB den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Ní mór an fhoirm Tuairisceáin seo a thíolacadh go leictreonach trí **M'Fhiosruithe** (féach ar Nóta 1 le haghaidh tuilleadh sonraí)

## SONRAÍ AN GHNÓTHAIS COMHINFHEISTÍOCHTA

Ainm:

Seoladh:
(Eircode san áireamh, más ann)

Uimhir tagartha cánach Éireannach:

Ainm na bhfo-chistí (nuair is cuí):
(Féach ar Nóta 2)

**TUAIRISCEÁN IONCAIM DON BHLIAIN CHÁNACH DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**FÉINMHEASÚNÚ DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2020**

**Fógra**

Iarrtar ort leis seo, faoi Ailt 877 agus 959I den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, ráiteas um fhéinmheasúnú cánach don bhliain 2020 a ullmhú agus a sheachadadh chuig an seoladh thuas ar an 31 Deireadh Fómhair 2021 nó roimhe sin. Ar an dáta sin ní mór duit aon iarmhéid cánach atá dlite do 2020 a íoc. Má thíolactar an tuairisceán seo tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2021, cuirfear formhuirear (5% má thíolactar an tuairisceán taobh istigh de dhá mhí, seachas sin 10% a bheidh ann) le do dhliteanas cánach. Má loiceann tú do thuairisceán Cánach Maoine Áitiúla a thíolacadh, gearrfar formhuirear cánach ort.

**Léiriú amhrais:** Má tá fíor-amhras ort maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánachais i leith aon ábhair sa tuairisceán, tabhair sonraí faoin rud atá i gceist sna réimsí iontrála ar leathanach 4.

**Pionóis Shibhialta/Ionchúiseamh Coiriúil –** Tabhair do d'aire go bhforáiltear sa dlí cánach do phionóis shibhialta agus do phionóis choiriúla araon as ucht loiceadh tuairisceán a dhéanamh, as ucht tuairisceán bréagach a thabhairt, nó as ucht tuairisceán bréagach a éascú, nó má éilítear liúntais nó faoisimh chánach nach bhfuil dlite. I gcás ionchúiseamh coiriúil, féadfaidh sé, i gcás duine a chiontaítear ar díotáil i gcion, go mbeidh an duine faoi réir fíneáil nach mó ná €126,970 agus/nó fíneáil eile suas le dhá oiread na difríochta idir an cháin dhearbhaithe dhlite agus an cháin a fhaightear ar deireadh a bheith dlite agus/nó príosúnacht.

**NÍ MÓR DUIT AN DEARBHÚ SEO A SHÍNIÚ**

**DEARBHAÍM** feadh m'eolais agus mo thuairime, go bhfuil ráiteas ceart san fhoirm seo chun críocha féinmheasúnaithe chun cánach de réir fhorálacha an Achta Comhdhlúite Cánacha, 1997, don bhliain 2020, ar tuairisceán é ar mo chuid foinsí uile ioncaim agus ar mhéid an ioncaim a dhíorthaítear ó gach foinse sa bhliain 2020, mar a fhoráiltear le hAlt 238, Alt 739LAA agus Alt 739LB, tar éis na suimeanna amháin a cheadaítear leis na hAilt sin a asbhaint.

Síniú:

Dáta: L L M M B B B B

Cáil an tSínitheora:

Sonraí Teagmhála (i gcás fiosrú faoin tuairisceán seo):

TAIN an Ghníomhaire:

Ainm Teagmhála:

Tagairt an Chliaint

Fón nó Ríomhphoist:

RPC015358_GA_WB_L_1

| | |
|---|---|
| Uimhir Tagartha Cánach Éireannach na Scáth-Scéime | |
| Má tá tú ag comhlánú thar ceann fo-chiste, ainm an fho-chiste: | |

## A – SONRAÍ AN CERÉ

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1. Dáta Tosaithe na Tréimhse Cuntasaíochta: | L | L | M | M | B | B | B | B |
| Dáta Deiridh na Tréimhse Cuntasaíochta: | L | L | M | M | B | B | B | B |

2. **Nochtadh Éigeantach**

| | |
|---|---|
| An uimhir a shannann na Coimisinéirí Ioncaim d'idirbheart in-nochta faoi Alt 817HB | |

Ní mór idirbhearta in-nochta a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim faoin gcóras nochta éigeantaigh agus Uimhir Idirbhirt a bheith leithdháilte air a chaithfear a chur san áireamh ar na tuairisceáin chánach chuí. Is éard is idirbheart in-nochta ná aon idirbheart a dhéantar a thagann taobh istigh de shaintréithe an chórais nochta éigeantaigh (mar shampla nuair atá iontaobhas lánroghnach i gceist a chuireann, nó a d'fhéadfadh cur ar chumas duine buntáiste cánach a fháil, agus nuair is ceann de phríomhbhuntáistí idirbheart a dhéanamh ná buntáiste cánach a fháil).
Tá **Treoir ar an gCóras Nochta Éigeantaigh** ar fáil ar **www.revenue.ie**

**3. Nochtadh Éigeantach d'Idirbhearta Trasteorann**

| | |
|---|---|
| An uimhir a shannann na Coimisinéirí Ioncaim d'idirbheart in-nochta faoi Alt 817RE | |

Ní mór idirbhearta trasteorann in-nochta a nochtadh do na Coimisinéirí Ioncaim faoi Threoir ón gComhairle (AE) 2018/822 an 25 Bealtaine 2018, lena leasaítear Treoir 2011/16/AE maidir le malartú uathoibríoch faisnéise éigeantach i réimse an chánachais i ndáil le socruithe trasteorann in-tuairiscithe (ar a dtugtar "DAC6").

## B – CÁS IV

**Suim ioncaim faoi Cás IV ag eascairt as 'Brabús: cóimheas costais maoinithe ón 1 Eanáir 2020' – Alt 739LAA den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Suim inmhuirir faoi Alt 739LAA(2) | € |
| (ii) | Suim inmhuirir faoi Alt 739LAA(3) | € |
| (iii) | Laghdú trí Alt 739LC a fheidhmiú | € |

**Suim ioncaim faoi Chás IV ag eascairt as 'Brabús: brabúis atá ar fáil lena dháileadh a ríomh' – Alt 739LB den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997**

| | | |
|---|---|---|
| (iv) | Suim inmhuirir faoi Alt 739LB(2) | € |

**Iomlán na suime faoi Chás IV inmhuirir i leith Cáin Ioncaim**

| | |
|---|---|
| Iomlán na suime inmhuirir faoi Chás IV [(i) + (ii) – (iii) + (iv)] | € |

Uimhir Tagartha Cánach Éireannach na Scáth-Scéime

Má tá tú ag comhlánú thar ceann fo-chiste, ainm an fho-chiste:

## C – FÉINMHEASÚNÚ A RINNEADH FAOI CHAIBIDIL 4 DE CHUID 41A

(a) Iomlán na suime ioncaim faoi Chás IV ag eascairt don tréimhse seo €

(b) Iomlán na suime cánach inmhuirir don tréimhse seo €

(c) Suim an fhormhuirir dlite faoi Alt 1084 mar thoradh ar an tuairisceán seo a thíolacadh go déanach €

(d) Suim an fhormhuirir dlite faoi Alt 1084, mar gheall ar neamhchomhlíontacht le riachtanais na Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ) €

(e) Suim na cánach, lena n-áirítear Réamhcháin, a íocadh go díreach leis an Ard-Bhailitheoir don tréimhse seo €

(f) Iarmhéid na cánach iníoctha don tréimhse seo €

(g) Iarmhéid na cánach ró-íoctha don tréimhse seo €

## D – FÉINMHEASÚNÚ DÉANTA FAOI CHAIBIDIL 1 DE CHUID 8

(a) Suimeanna comhlána cíosa srl. iníoctha le Neamhchónaitheoirí in 2020 €

(b) Iomlán na suime cánach inmhuirir don tréimhse seo €

**DEARBHAÍM go bhfuil an méid thuas mar Fhéinmheasúnú Cánach Ioncaim agam don bhliain 2020**

Síniú

Dáta L L M M B B B B

Cáil an tsínitheora

Uimhir Tagartha Cánach Éireannach na Scáth-Scéime

Má tá tú ag comhlánú thar ceann fo-chiste, ainm an fho-chiste:

## E – LÉIRIÚ AMHRAIS

Má tá fíor-amhras ort maidir le cur i bhfeidhm an dlí cánachais i leith aon ábhar sa tuairisceán, cuir ☒ isteach sa bhosca agus tabhair sonraí faoin bpointe i gceist sna réimsí iontrála thíos

(Níl an rannán seo ann ach amháin le haghaidh fíor-Léirithe Amhrais, arna bhforáil ag Alt 959P. Ná húsáidtear é le haghaidh nótaí ginearálta ná nótaí tráchta.)

(a) Tabhair sonraí iomlána na bhfíricí agus na gcúinsí faoin ábhar lena mbaineann an Léiriú Amhrais

(b) Sonraigh an t-amhras, bonn an amhrais agus an dlí cánach as a dtagann an t-amhras

(c) Sonraigh an tsuim chánach atá in amhras i ndáil leis an tréimhse inmhuirir lena mbaineann an Léiriú Amhrais

(d) Liostaigh na doiciméid tacaíochta atá á dtíolacadh i ndáil leis an ábhar bainteach. Ba cheart na doiciméid seo a bheith leis an tuairisceán seo

(e) Sonraigh aon treoirlínte foilsithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ónár lorg tú comhairle i ndáil le feidhmiú an dlí i gcúinsí cosúla

## TABHAIR DO D’AIRE:

**1**. Íoc agus Tíolaic:

**Tuairisceáin CERÉ a Thíolacadh:**

- Níl an tuairisceán seo le húsáid ach don bhliain chánach 2020.
- Is le hailt san Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997 a bhaineann tagairtí reachtaíochta, ach amháin má shonraítear a mhalairt.
- Ba chóir aon phainéal nó rannán nach dteastaíonn iontráil ann a fhágáil bán.
- Tíolaic an fhoirm seo go leictreonach trí M’Fhiosruithe.

  Féach ar an treoir seo a leanas ó na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh eolas maidir le M’Fhiosruithe, lena n-áirítear eolas ar an gcaoi le clárú, ar fáil anseo.
- Nuair atá an fhoirm seo á tíolacadh trí M’Fhiosruithe, sonraigh catagóir an fhiosraithe mar seo a leanas:

  Faoin réimse 'Baineann m’fhiosrú le', roghnaigh 'Seachas ceann acu thuas'

  Faoin réimse ‘Agus níos beaichte’ roghnaigh ‘Cáin iarchoimeádta CERÉ’

**Íocaíochtaí:**

Seoltar íocaíochtaí Cánach Ioncaim chuig an gcuntas bainc seo a leanas:

**Sonraí an Bhainc:** Danske Bank, Teach Idirnáisiúnta, 3 Plás Mháistir an Chuain, IFSC, Baile Átha Cliath 1

**IBAN:** IE37 DABA 9515 9920 0035 14

**BIC:** DABA IE 2D

Nuair atá íocaíocht á seoladh, luaigh “IREF” mar thagairt bhainc, chomh maith le huimhir clárúcháin cánach an chustaiméara.

Iarrtar ar an gcustaiméir chomh maith ríomhphost a sheoladh chuig moneytrans@revenue.ie chun an méid seo a leanas a chur in iúl:

- Dáta na híocaíochta
- Uimhir tagartha cánach an scáth-chiste
- Ainm an bhratchiste
- Ainm an fho-chiste
- Suim na híocaíochta
- An tréimhse lena mbaineann an íocaíocht

Má loictear an ríomhphost seo a sheoladh ar aghaidh, féadfaidh sé go mbeidh moill ar dháileadh na n-íocaíochtaí seo.

**2.** Sa chás gur scáth-scéim é an gnóthas infheistíochta, ba chóir sonraí i leith aon fho-chiste CERÉ a chur san áireamh ar leathanach 1. Má tá níos mó ná sé fho-chiste CERÉ, comhlánaigh na sonraí seo trí Leathanach 1 breise a chur leis.

**3.** Ba chóir Leathanaigh 2 go dtí 4 den fhoirm seo a chomhlánú mar seo:

(a) an gnóthas comhinfheistíochta, nuair is CERÉ an gnóthas comhinfheistíochta, nó

(b) ar leithligh thar ceann gach fo-chiste, nuair is fo-chiste den scáth-scéim an CERÉ, a bhfuil muirear cánach air faoi Alt 238, Alt 739LAA nó Alt 739LB don bhliain chánach dar críoch an 31 Nollaig 2020.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe Custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas.
Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá na sonraí uile faoi bheartas cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach an chaoi a n-úsáidfimid do shonraí pearsanta chomh maith le heolas i ndáil le do chearta mar ábhar sonraí ar fáil ar ár leathanach **Príobháideachas** ar **www.revenue.ie**. Tá sonraí faoin mbeartas seo ar fáil i gcruachóip chomh maith, ach í sin a iarraidh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Deartha ag Ionad Priontála na gCoimisinéirí Ioncaim